Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8816/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0102 (NLE)**

**ECOFIN 556**
**UEM 155**
**FIN 616**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 187 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 187 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 187 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
COM(2026) 187 final

2026/0102 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire

2026/0102 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bhulgáir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 15 Deireadh Fómhair 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Bealtaine 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 18 Iúil 2025[4] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 27 Samhain 2025[5].

(2) An 24 Aibreán 2026, rinne an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBulgáir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bhulgáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le naoi mbeart.

(4) Mhínigh an Bhulgáir go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh laistigh den tréimhse ama a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
2 Féach doiciméid ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1 at http://register.consilium.europa.eu
3 Féach doiciméid ST 15837/23 INIT; ST 15837/23 ADD 1 at http://register.consilium.europa.eu
4 Féach doiciméid ST 11242/25 INIT; ST 11242/25 ADD 1 at http://register.consilium.europa.eu
5 Féach doiciméid ST 15108/25 INIT; ST 15108/25 ADD 1 at http://register.consilium.europa.eu

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022, mar gheall ar mhoilleanna gan choinne ar an bpróiseas reachtach mar thoradh ar luath-thoghcháin pharlaiminteacha. Baineann sé sin le C10.R2 Frithéilliú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir go leasófaí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Bhulgáir go bhfuil ocht mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le C1.R1: Athchóiriú san oideachas réamhscoile agus scoile agus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, C3.I2: An Clár um Chlaochlú Eacnamaíoch, C4.I2: Tacaíocht d'fhuinnimh in-athnuaite do theaghlaigh, C4.I7: Úsáid fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí geoiteirmeacha a mhéadú, C6.I2: Digitiú na bpróiseas ón bhfeirm go dtí an forc, C8.R1: Creat straitéiseach iompair, C8.R4: Iompar poiblí comhtháite, C8.R5: Soghluaisteacht leictreach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(6) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Bhulgáir i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(7) Sainaithníodh earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 lena ndéantar difear do Chomhchuid 9: Forbairt Áitiúil. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 16 Aibreán 2025, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bhulgáir. Baineann an earráid chléireachais sin leis an tuairisc ar Chomhchuid 9: Forbairt Áitiúil. Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do mheasúnú ná do chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir i láthair difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i) (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(10) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail

infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(11) Is é EUR 6 174 106 145 costais iomlána mheasta plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe cothrom leis an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Bhulgáir, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean leasaithe na Bulgáire, ba cheart gurb é EUR 6 174 106 145 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Bhulgáir.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an mBulgáir a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a ionadú go hiomlán.

(13) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d’fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*